Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8722/26**

**CLIMA 230**
**ENV 428**
**ENER 206**
**TRANS 259**
**MARE 12**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 173 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN<br>Tuarascáil 2025 ón gCoimisiún Eorpach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 173 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 173 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.4.2026
COM(2026) 173 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

## Tuarascáil 2025 ón gCoimisiún Eorpach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar

{SWD(2026) 119 final}

**Tuarascáil 2025 ón gCoimisiún Eorpach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar**

## 1. Réamhrá

Tá muiriompar ríthábhachtach i ngeilleagar an Aontais agus tá sé ar cheann de na modhanna iompair is tíosaí ar fhuinneamh. Mar sin féin, is foinse mhór astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) fós é.

Sa tuarascáil seo ó 2025 maidir le hastaíochtaí GCT ó longa a thagann isteach go calafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus a fhágann iad, cuirtear i láthair sonraí a bailíodh faoi Rialachán an Aontais maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar a glacadh in 2015 ([1])(Rialachán an Aontais maidir le Faireachán, Tuairisciú agus Fíorú (MRV) Muirí). Cumhdaítear sa tuarascáil sonraí a bailíodh le linn na tréimhse 2018-2024. Cuireann sí comparáid agus anailís chuimsitheach ar fáil ar threochtaí in astaíochtaí agus in éifeachtúlacht fuinnimh thar na blianta agus tugann sí léargas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar astaíochtaí GCT ó mhuiriompar. Cuirtear san áireamh inti cur chun feidhme chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA) suas go dtí tréimhse thuairisciúcháin 2024, an chéad bhliain a raibh feidhm ag an gcóras maidir le muiriompar.

## 2. Forbairt beartas

Mar chuid den phacáiste chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle sraith beart in 2023 chun a áirithiú go rannchuideoidh an earnáil muiriompair le huaillmhianta aeráide an Aontais a bhaint amach. Áirítear leis na bearta sin an t-athbhreithniú ar **CTA AE** ([2])**,** lenar leathnaíodh raon feidhme CTA AE chun astaíochtaí $CO_2$ ó longa móra a thagann isteach i gcalafoirt an Aontais a chumhdach amhail ón 1 Eanáir 2024, gan beann ar an mbratach atá ar foluain acu. Thairis sin, áirithítear leis an **Rialachán maidir le FuelEU Maritime** ([3]), ó 2025 ar aghaidh, go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar dhéine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long le himeacht ama.

Cuireann comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as CTA AE agus as an Rialachán maidir le FuelEU Maritime araon leis an gcóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a bunaíodh le **Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí**, mar a athbhreithníodh in 2023 é ([4]). Ba í tréimhse thuairisciúcháin 2024 an chéad tréimhse inar cuireadh na rialacha athbhreithnithe i bhfeidhm, ar rialacha iad a glacadh in 2023 chun gur féidir CTA a chur chun feidhme sa loingseoireacht agus chun astaíochtaí meatáin ($CH_4$) agus ocsaíde nítriúla ($N_2O$) a áireamh faoi raon feidhme Rialachán MRV.

Sa bhreis ar bhearta reachtacha, tá an tAontas ag tacú a thuilleadh le cur chun feidhme rathúil dhícharbónú na loingseoireachta **trí thacaíocht a thabhairt don taighde agus don nuálaíocht**. Leis an gCiste don Nuálaíocht, a tharraingeoidh ar 20 milliún lamháltas de chuid an Aontais

([1]) Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, IO L 123, 19.5.2015, lch. 55, http://data.europa.eu/eli/reg/2015/757/2025-01-01.
([2])Trí Threoir (AE) 2023/959, IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj.
([3])Rialachán (AE) 2023/1805, IO L 234, 22.9.2023, lch. 48, http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1805/oj.
([4])Rialachán (AE) 2023/957, IO L 130, 16.5.2023, lch. 105, http://data.europa.eu/eli/reg/2023/957/oj.

(EUR 1,5 billiún)([5]) faoi 2030 chun tionscadail a chistiú chun an earnáil mhuirí a dhícharbónú, cumhdaítear freisin táirgeadh agus úsáid breoslaí inbhuanaithe, leictriú an chórais muiriompair, agus soithí astaíochtaí ísle agus soithí astaíochtaí nialasacha a thógáil agus/nó a iarfheistiú. Ó thús 2026, agus gan ach dhá ghlao ar thograí a sheoladh, tá tacaíocht curtha ar fáil ag an gCiste don Nuálaíocht do 21 thionscadal mhuirí ar fiú EUR 1,03 billiún san iomlán iad, lena n-áirítear EUR 365,3 milliún trí cheantanna le haghaidh breoslaí hidriginbhunaithe agus EUR 202,3 milliún do thionscadail a bhaineann le tógáil agus/nó iarfheistiú soithí.

Cé go ndíríonn an Ciste don Nuálaíocht ar thionscadail atá ar leibhéal ullmhachta teicneolaí (LUT) níos airde agus ar chur chun úsáide, tá infheistíocht déanta ag an Aontas freisin i dtionscadail atá ar LUT níos ísle san earnáil mhuirí tríd an gclár Fís Eorpach, go háirithe an chomhpháirtíocht um uisce-iompar astaíochtaí nialasacha. Faoin gcomhpháirtíocht sin, déanfaidh an tAontas infheistíocht suas le EUR 530 milliún go dtí 2027, i sé réimse: (i) breoslaí malartacha inbhuanaithe a úsáid, (ii) leictriú, (iii) éifeachtúlacht fuinnimh, (iv) dearadh agus iarfheistiú, (v) calafoirt dhigiteacha agus (vi) calafóirt ghlasa.

Tá an Coimisiún tiomanta freisin do thacú le gníomhaíocht dhomhanda chun dícharbónú na hearnála a spreagadh, go háirithe ina chuid oibre leis an **Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO)**. I mí Aibreáin 2025, ba dhíol sásaimh don Aontas gur fhormheas IMO an creat glan-nialasachta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón loingseoireacht idirnáisiúnta a laghdú. Áirítear sa chreat caighdeán domhanda chun déine GCT breoslaí muirí a laghdú de réir a chéile agus sásra praghsála le haghaidh astaíochtaí GCT. Céim fhiúntach a bheidh sa chomhaontú, ar an mbonn go nglacfar é, i dtreo na sprice maidir le glanastaíochtaí nialasacha ó mhuiriompar faoi 2050 nó thart air sin, i.e. gar do 2050 mar a leagtar amach i straitéis GCT 2023 de chuid IMO. Cuireadh an plé maidir le glacadh an chomhaontaithe siar go dtí mí Dheireadh Fómhair 2026.

## 3. An méid ab airde riamh d'astaíochtaí muirí in 2024 mar thoradh ar ghéarchéim na Mara Rua

Le linn na bliana tuairiscithe 2024, astaíodh **144,9 milliún tona de $CO_2$** isteach san atmaisféar mar thoradh ar na muiraistir a ndearnadh faireachán orthu. Ba é an méid astaíochtaí sin, a thuairiscigh cabhlach ina raibh thart ar 12 700 long, an méid astaíochtaí ab airde a taifeadadh ó bunaíodh córas MRV. Bhí an méid sin **12,9 % níos airde** ná an méid a tuairiscíodh in 2023, agus bhí sé 5,7 % níos airde ná an méid a tuairiscíodh roimh COVID-2019([6]). Den chéad uair riamh, thuairiscigh longa astaíochtaí neamh-$CO_2$ a thagann faoi raon feidhme chóras MRV freisin. 3,7 milliún tona de choibhéis $CO_2$ a bhí sa mhéid astaíochtaí sin, agus is le hastaíochtaí ocsaíde nítriúla ($N_2O$) a bhain 2,2 milliún de na tonaí sin de choibhéis $CO_2$ agus is le hastaíochtaí meatáin ($CH_4$) a bhain 1,6 milliún de na tonaí sin de choibhéis $CO_2$.

Tharla an méadú ar na hastaíochtaí $CO_2$ a tuairiscíodh i mbliain inar fhan méid na n-earraí a láimhseáladh i gcalafoirt an Aontais beagnach gan athrú (- 0,2 % i gcomparáid le 2023), arb é ba chúis leis sin go páirteach laghdú ar allmhairí earraí fuinnimh. Mar sin féin, tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht iomlán an chabhlaigh in 2024 mar thoradh ar ghéarchéim na Mara

([5]) Bunaithe ar phraghas carbóin EUR 75/tona.
([6]) Gan na hastaíochtaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí i leith na Ríochta Aontaithe le haghaidh na mblianta tuairiscithe 2018-2020 a chur san áireamh.

Rua agus ar an laghdú ina dhiaidh sin ar idirthurais trí Chanáil Shuais agus ar athródú, rud a mhéadaigh go suntasach an t-achar iomlán a taistealaíodh agus an t-am a caitheadh ar muir (méadú 9,3 % agus 8,6 %, faoi seach).

Ba í deighleog na **long coimeadán** an deighleog ba mhó a ndearnadh difear di, agus ba í ba chúis leis **an gcuid is mó den mhéadú ar astaíochtaí** (+ 46 %, céatadán a chomhfhreagraíonn do 16,7 milliún tona de $CO_2$). B'éigean na bealaí seanbhunaithe a nascann calafoirt Eorpacha leis an gCianoirthear a athródú timpeall Rinn an Dóchais, rud a rinne difear suntasach d'iompraíocht oibríochtúil na deighleoige. B'éigean níos mó longa coimeádán a thagann faoi raon feidhme chóras MRV a imscaradh (+ 8 %) chun freastal ar an éileamh méadaithe ar earraí i gcoimeádáin a iompar i gcalafoirt an Aontais (+ 4,4 %) agus ar an ngá a bhí le hachair taistil níos faide (+ 29 %) agus luasanna níos airde (+ 2,2 %).

Cé is moite de longa coimeádán, thaifead 8 gcinn as na 14 chineál loinge a bhí fágtha méadú ar astaíochtaí i gcomparáid le 2023. Ba iad na hastaíochtaí níos airde ó mhuiraistir lasmuigh de LEE mar gheall ar ghéarchéim na Mara Rua ba chúis leis sin i bhformhór na gcásanna, amhail i gcás tancaeir ola (+ 4 %), tancaeir ceimiceán (+ 7 %), longa lastais ghinearálta (+ 8 %), agus iompróirí feithiclí (+ 4 %). Taifeadadh an laghdú ba shuntasaí ar astaíochtaí tuairiscithe i gcás iompróirí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) (- 24 %), de réir mar a d'fhill allmhairí GNL Eorpacha ar na leibhéil a bhí ann roimh 2022.

Deimhníodh gurb iad **longa coimeádán, tancaeir ola agus bulc-iompróirí na hastaírí is mó in 2024**, mar a bhí sna blianta tuairiscithe uile roimhe sin ó bhí 2018 ann. D'ardaigh an méadú suntasach ar astaíochtaí ó longa coimeádán a sciar d'iomlán na n-astaíochtaí tuairiscithe go dtí an leibhéal is airde a taifeadadh (37 %, suas ón meán bliantúil 30 % le haghaidh na tréimhse 2018-2023). D'fhan an sciar coibhneasta d'fhormhór na gcineálacha long cobhsaí, cé is moite d'iompróirí GNL, ar thit a rannchuidiú go 5 % de na hastaíochtaí iomlána, arb ionann an céatadán sin agus an leibhéal a bhí ann roimh mhór-ionradh na Rúise ar an Úcráin in 2022.

Rinne géarchéim na Mara Rua difear mór do dháileadh astaíochtaí iomlána $CO_2$ an chabhlaigh idir na cineálacha éagsúla muiraistear agus laistigh de chalafoirt. Mar thoradh ar na hachair taistil níos faide ar bhealaí trádála lasmuigh de LEE, tháinig méadú ar **sciar coibhneasta na n-astaíochtaí ó thurais lasmuigh de LEE ó 65,7 % in 2023 go 70,6 % in 2024**, an sciar is airde a taifeadadh ó bhí 2018 ann. Tá an treocht sin comhsheasmhach leis an méadú ar ghníomhaíocht na ranna cabhlaigh is gníomhaí ar bhealaí trádála lasmuigh de LEE.

Ó thaobh **ídiú breosla** de, d'ídigh na longa a ndearnadh faireachán orthu 46,8 milliún tona de bhreosla in 2024. Gnáthbhreoslaí muirí iontaise (ola bhreosla throm, ola bhreosla éadroim, ola gháis, ola dhíosail) a bhí i gceist leis an gcuid is mó den ídiú breosla le linn na tréimhse 2018-2024, agus b'iad ba chúis le breis agus 91 % de mhais iomlán na mbreoslaí a tuairiscíodh in 2024. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, thaifead an córas méadú ar ídiú ola breosla troime, rud a fritháiríodh beagnach go hiomlán le laghdú ar ídiú ola breosla éadroim, laghdú arb é glacadh méadaitheach na gcóras glantacháin gáis sceite sa chabhlach is cúis leis.

In 2024 thaifead an cabhlach an leibhéal is airde d'ídiú GNL (thart ar 1 % níos airde ná mar a bhí in 2023, arbh é 7,5 % den ídiú breosla iomlán a tuairiscíodh in 2024 é). Is é is cúis leis an méadú

sin go bhfuil GNL á úsáid ag longa eile nach iompróirí GNL iad, agus is iad longa coimeádán, longa *Ro-Pax* (longa paisinéirí róró) agus longa paisinéirí a úsáideann an sciar is mó. Tháinig méadú mór ar ídiú gáis peitriliam leachtaithe agus meatánóil i gcomparáid le 2023 (+ 38 % agus + 428 %), ach fós féin is sciar beag é den ídiú iomlán (0,1 % an ceann) a dhéanann an cabhlach a ndearnadh faireachán air. Ba iad breoslaí neamhchaighdeánacha eile ba chúis le 0,9 % den ídiú breosla iomlán a tuairiscíodh (0,42 milliún tona), agus tuairiscíodh 0,22 milliún tona mar bhithdhíosal.

## 4. An cabhlach a ndearnadh faireachán air: bealaí loingseoireachta, luas, agus éifeachtúlacht theicniúil agus oibríochtúil

I dtéarmaí sreafaí muiriompair, léiríonn sonraí Eurostat ([7])gur tháinig laghdú beag 0,2 % ar ollmheáchan iomlán na n-earraí muiriompartha a láimhseáladh i gcalafoirt an Aontais in 2024.

I gcomparáid le 2023, tháinig méadú ar na hinsreafaí ó thíortha amhail an Úcráin, Ceanada, an Tuirc agus an tSín in 2024, rud a chuir le méadú 1,2 % ar mhéid iomlán na **sreafaí trádála isteach**. Tháinig laghdú 3,2 % ar an méid iomlán **sreafaí trádála amach** in 2024. Bhain na laghduithe ba shuntasaí a rinne difear do shreafaí amach leis na Stáit Aontaithe (an Cósta Thoir) agus leis an tSín.

Ní léirítear le sonraí MRV le haghaidh na tréimhse 2018-2024 **aon laghdú struchtúrach ar luas** an chabhlaigh MRV. In 2024, thaifead 10 gcinn as 15 chineál loinge meánluas níos airde ná mar a thaifead siad in 2018. Thaifead cineálacha áirithe méaduithe suntasacha ar luas, mar a tharla i gcás iompróirí il-lastais (+ 32 %), iompróirí gáis (+ 16 %), longa eile (+ 16 %), agus tancaeir ola (+ 13 %). Mar sin féin, i gcomparáid le 2023, laghdaigh 11 cheann as 15 chineál loinge a meánluas in 2024. Tháinig méadú mór ar mheánluas long coimeádán agus iompróirí GNL araon, mar atá, méadú 2,2 % agus 2,4 % faoi seach.

Deimhníodh in anailís ghrafach ar phríomhtháscairí **éifeachtúlachta teicniúla agus oibríochtúla** an méadú de réir a chéile ar luachanna comhghaoil sonraí idir príomhtháscairí éifeachtúlachta teicniúla agus oibríochtúla ([8]) agus méid na long a thuairiscíonn faoi Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí, agus ar an gcaoi sin cuirtear i dtábhacht aibíocht mhéadaithe chreat MRV. D'fhan treochtaí éifeachtúlachta cobhsaí tríd is tríd, go háirithe i measc na n-astaírí is mó sa chabhlach, agus léirigh roinnt deighleog (e.g. longa coimeádán) feabhsuithe ar an éifeachtúlacht theicniúil a tuairiscíodh.

## 5. Cur chun feidhme an Rialacháin an Aontais maidir le MRV Muirí

I ndáil le cur chun feidhme Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí, deimhnítear leis na torthaí stóinseacht agus iomláine na sonraí a tuairiscíodh. Dhéileáil cuideachtaí loingseoireachta agus fíoraitheoirí creidiúnaithe araon go maith leis na ceanglais tuairiscithe nua a tugadh isteach chun

([7]) Eurostat. (2024). *Maritime transport of goods - annual data* [Muiriompar earraí — sonraí bliantúla]. https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Maritime_transport_of_goods_-_annual_data

([8]) Déantar an tInnéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh Dearaidh, an Treoirluach Measta, agus an tInnéacs maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh na Long atá ann cheana a mheasúnú le haghaidh éifeachtúlacht theicniúil long. Déantar an Táscaire Oibriúcháin ar Éifeachtúlacht Fuinnimh agus an Cóimheas Bliantúil Éifeachtúlachta a mheasúnú le haghaidh a n-éifeachtúlachta oibríochtúla.

tacú le leathnú CTA chuig muiriompar ó 2024 ar aghaidh. Is léiriú é sin iad na táscairí **poncúlachta feabhsaithe** (69 %, méadú ó 52 % in 2023), d'ainneoin sprioc-am níos luaithe chun tuarascálacha bliantúla a chur isteach ([9]).

Bhí **cáilíocht na sonraí a cuireadh isteach** comhsheasmhach tríd is tríd leis an tréimhse thuairisciúcháin roimhe sin (2023). Níor tháinig ach méadú beag ar sciar na dtuarascálacha ina bhfuil asluitigh go 0,5 % den iomlán, sciar atá fós i bhfad níos ísle ná an meán 1,1 % le haghaidh na tréimhse 2018-2024.

Leis na **seiceálacha comhlíontachta MRV** a rinneadh le linn cigireachtaí maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt, deimhníodh na feabhsuithe a taifeadadh sna blianta roimhe sin. In 2025, as measc na long a ndearnadh cigireacht orthu, ní raibh ach 2 % ann nach ndearna doiciméad bailí comhlíontachta a sholáthar chun comhlíonadh oibleagáidí MRV an Aontais a léiriú sa bhliain roimhe sin. Bhí ról lárnach ag aibíocht chur chun feidhme chóras MRV Muirí an Aontais maidir le leibhéal ard comhlíontachta le hoibleagáidí CTA muirí a áirithiú, rud a léiríonn oiriúnú na hearnála do na ceanglais sin, ós rud é gur thug cuideachtaí loingseoireachta lamháltais suas faoin spriocdháta dlíthiúil i gcás níos mó ná 99 % de na ceanglais maidir le tabhairt suas lamháltas in 2025 ([10]).

([9]) Aistríodh an sprioc-am ón 30 Aibreán go dtí an 31 Márta, ag tosú le tréimhse thuairisciúcháin 2024.
([10]) Céatadán arna chinneadh ar bhonn na bhfigiúirí arna dtuairisciú ag cuideachtaí loingseoireachta i gClárlann an Aontais faoin 1 Deireadh Fómhair 2025 i leith astaíochtaí 2024.